BGE/RE/AH/0211

Bí mar chuid den Réabhlóid Ghlas. Cláraigh do bhilleáil gan pháipéar

LEICTREACHAS SAOR IN AISCE AR FEADH BLIANA A BHUACHAN!

Bord Gáis Energy *samhlaímis*

Leictreachas Sa bhaile

Feabhra / Márta 2011

SAN EAGRÁN SEO

Billeáil Gan Pháipéar – Go maith duit-se, go hiontach don timpeallacht **3**

Rátáil Fuinnimh Fearas – Bíodh do A go G ar eolas agat **4**

Seirbhísí Speisialta – Anseo le cuidiú leat **5**

Fáilte go Sa bhaile

Is tús eile atá chugainn agus laethanta geala an Earraigh romhainn amach. Chun céiliúradh a dhéanamh ar thréimhse dóchasach seo na bliana, tá **comórtas iontach** á reachtáil ag Bord Gáis Energy duit.

Níl ort ach aistriú go **Billeáil Gan Pháipéar** agus beidh seans agat **leictreachas saor in aisce ar feadh bliana a bhuachan***. Rud a chiallaíonn níos lú páipéir duit-se agus níos lú de dhochar don timpeallacht.

Tiocfaidh tú chomh maith céanna ar threoir faoi **fhearais atá tíosach ar fhuinneamh** agus leideanna faoi conas an ceann is éifeachtaí duit-se a roghnú.

Agus má tá tusa nó duine díobh siúd atá gar dod chroí os cionn 66, tugaimid an t-eolas duit faoin réimse leathan seirbhísí ata ar fáil chun rudaí a dhéanamh níos fusa fós tríd ár **Clár Seirbhísí Speisialta.**

Bain sult as d'eagrán is déanaí de Sa bhaile agus má tá ceist ar bith agat, níl ort ach r-phost a sheoladh chugainn ag **athome@bordgais.ie**.

Cuimhnigh, táimid anseo chun cabhrú leat.

TRACY KENNEDY *Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméirí*
BORD GÁIS ENERGY

WINNER CCA GLOBAL EXCELLENCE AWARDS 2010

Bord Gáis Energy
Winner of **'Innovation in Customer-led Efficiencies'**
at the Customer Contact Association Excellence Awards 2010

STAITISTICÍ TÁBHACHTACHA

€1000

Cláraigh do Bhilleáil Gan Pháipéar agus d'fhéadfá €1000 de leictreachas saor in aisce ar feadh bliana a bhuachan.*

€100

An tsuim is feidir leat a shábháil ar do bhillí leictreachais bhliantúla má tá Rátáil-A ar d'fhearas.

Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

1ú

Ar an 1ú Feabhra 2011 seolfar Comórtas Sraithe Peil Náisiúnta na m Ban Bord Gáis Energy.

Abair slán le páipéar **agus buaigh le Billeáil Gan Pháipéar**

Nuair atá tú ag caint faoi do bhillí leictreachais, an bealach chun cinn is ea an bealach gan pháipéar. Gearann sé síos ar an méid páipéir a fhaigheann tusa agus a sheolaimid, ruda chruthaíonn cúinsí ídéalacha duit-se agus dontimpeallacht.

Is mar seo a oibríonn sé:

A luaithe agus a bheidh tú cláraithe le féachaint ar do bhillí ar líne agus Billeáil Gan Pháipéar ar siúl agat, ní bheidh bille páipéir á fháil sa phost agat uainn níos mó. Gheobhaidh tú fógra rphost á ra leat go bhfuil do bhille le feiceáil ar-líne. Is cóip chruinn í do bhille ar líne de do bhille páipéir, agus is féidir leat í a phriontáil, más mian leat. Ní bheidh a thuilleadh páipéir ag teacht tríd an doras agus bí sásta go bhfuil do chion á dhéanamh agat don timpeallacht.

Níl ní níos fusa ná Billeáil Gan Pháipéara chur in áit:

- Cláraigh le Bainistiú Cuntas Ar-Líne ag **bordgaisenergy.ie**
- Agus tú cláraithe, roghnaigh Billeáil Gan Pháipéar sa Rannóg "Make me Paperless"

Le cúpla clic den luchóg beidh tú aistrithe go Billeáil Gan Pháipéar agus is feidir leat slán go deo a rá le farasbarr páipéir.

Téarmaí agus Coinníollacha an Chomórtais i bhfeidhm. Dáta dúnta an chomórtais is ea an11ú Aibreán. Tarlóidh an tarraingt duaiseanna taobh istigh de cúig lá ón dáta dúnta agus cuirfear in iúl do bhuaiteoirí laistigh de 7 lá ón tarraingt.. Téigh go bordgaisenergy.ie/athome nó scrígh chugainn ag Bord Gáis Energy, Bosca OP 10943, Saorphost, Baile Átha Cliath le cóip de na Téarmaí agus Coinníollacha d'fháil.

Cláraigh do Billeáil Gan Pháipéar faoi 11 Aibreán 2011 agus d'fhéadfá **leictreachas saor in aisce a bhuachan ar feadh bliana** (suas go luach €1000).*

Téir chuig **bordgaisenergy.ie/paperlessbilling** chun breis eolais d'fháil.

Sábháil do chuid Airgid **agus tú ag sábháil na Timpeallachta.**

Fearas le Rátáil-A is ea an bealach is fearr duit airgead a shábháil agus an timpeallacht a shábháil. Nuair a cheannaíonn tú fearas nua, tá sé tábhachtach go bhféachfá ar an lipéad maidir le rátáil fuinnimh ionas gur feidir leat an ceann is éifeachtaí a roghnú a shábhálfaidh airgead.



Déanfaidh an lipéad grádáil ar an bhfearas le rátáil ó A go G, agus A an cheann is tíosaí ar fhuinneamh agus G a mhalairt.

Úsáidfidh fearas le Rátáil-A timpeall ar leath an leictreachais d'fhearas atá de mhéid chomhchosúil le Rátáil-D, mar sin tá sé i bhfad níos saoire.

D'fhéadfadh an difríocht sa chostas é a cheannach idir fhearas le Rátáil-A seachas fearas le rátáil níos ísle bheith níos lú ná mar a cheapfá - agus fiú roinnt fearas nach bhfuil aon difríocht sa chostas ar chor ar bith.

Deimhnigh go bhféachann tú ar an lipéad fuinnimh an fhearais roimh a cheannaíonn tú é chun sábháil fad-théarmach a dheanamh duit féin agus don timpeallacht.

* Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthanana hÉireann

D'fhéadfá **SUAS LE €100* A SHÁBHÁIL** ar do bhille leictreachais bliantúil má tá d'fhearas ar Rátáil-A.

Tabhair cuairt ar ár Siopa Ar Líne ag **shop.bordgaisenergy.ie** áit a thiocfaidh tú ar raon iontach nithe atá tíosach ar fhuinneamh, ag áireamh an **intelliplug**. Múchann an fheiste seo a spárálann airgead ort, fearais ma bhíonn siad ar fhuireachas ró-fhada.

An bhfuil tú, nó duine atá ar aithne agat, **os cionn 66 bliain d'aois?**

Más mian leat é, tá an Clár Seirbhísí Speisialta ann duit-se. Tá tú i dteideal seo má tá tú scothaosta (66 bliain nó níos sine agus ag maireachtáil i d'aonar nó le daoine scothaosta eile nó le mionaoisigh) nó má tá lagú gluaiseachta, éisteachta nó amhairc ort.

Cláraigh inniu agus bain úsáid as na réimse seirbhísí faoi rún atá á dtairiscint againn ar nós:

Dícheangail Ar Athló
Ní dhéanfar aon dícheangal ar sholáthar leictreachais idir 1ú Samhain agus 31 Márta do chustaiméirí scothaosta atá ina gcónaí leo féin, le daoine scothaosta eile nó le mionúirí.

An bhfuil cúnamh uait maidir le do bhille?
Ainmnigh cúramóir nó duine gaolmhar le do bhillí d'fhail ar do shon mar aon le gach comhfhreagras eile ó Bord Gáis Energy.

Seirbhísí dóibh siúd atá dall nó caoch
Ta billí ar fáil i Braille ach iad a lorg, billí labhartha a ligean dúinn glaoch guthain a chur ort agus dul tríd do bhille leat i gcomhrá. Tá Téarmaí agus Coinníollacha soláthair leictreachais, ár gcairt chustaiméirí agus cóid chleachtais ar fail ar CD nó téipchaiséad fuaime.

Seirbhísí dóibh siúd le fadhbanna éisteachta
Tá seirbhís text phone ar fail dóibh siúd a úsáideann minicom ina dteach. Chun an tseirbhís seo a úsáid cuir glaoch orainn ar an uimhir **1850 22 22 53**.

Bíonn cárta aitheantais ag ionadaithe Bord Gáis Energy ina mbíonn grianghraf ionas gur feidir leat bheith muiníneach astu má thagann siad go dtí an doras. Má bhíonn aon imní ort futhu, cuir glaoch chun a n-aitheantas a dheimhniú ar Bord Gáis Energy ar **1850 47 48 49**.

Dá mba mhaith leat nó duine atá ar aithne agat clárú do Seirbhísí Speisialta, cuir glaoch orainn le do thoil ar **1850 632 632.**